SENIOR CYCLE

# Athbhreithniú ar an tSraith Shinsearach: **Ceisteanna thimthriall a haon**

## Ceisteanna do Sheisiúin Fhócasghrúpa na dTuismitheoirí

Go raibh maith agaibh as páirt a ghlacadh san athbhreithniú scoilbhunaithe seo ar an tsraith shinsearach. Is é cuspóir an athbhreithnithe seo tús a chur le comhrá agus fís chomhroinnte a cheapadh le haghaidh oideachas na sraithe sinsearaí amach anseo.

Nuair atá an tsraith shinsearach á plé, ná déanaigí dearmad ar an réimse iomlán clár a chuirtear ar fáil ar an leibhéal seo agus déanaigí machnamh ar an Idirbhliain, an Ardteistiméireacht Fheidhmeach, Gairmchlár na hArdteistiméireachta, agus an Ardteistiméireacht Bhunaithe.

### C1. Céard iad na rudaí is fearr faoin taithí ar an tsraith shinsearach atá ar fáil do bhur bpáistí?

*Ba cheart d'aon athbhreithniú na gnéithe dearfacha atá le feiceáil sa chóras faoi láthair a shainaithint. In bhur dtaithí féin, céard iad na gnéithe is dearfaí faoin tsraith shinsearach le haghaidh bhur bpáistí?*

**Nótaí don éascaitheoir**

*Tá an cheist seo agus an chéad cheann eile ag teacht i dtír ar smaointe daoine faoin gcóras reatha agus 'gur baolach go ndíolfar an t-asal leis an adhastar'. Is é sin, gurb é 'an t-asal' na gnéithe sin a bhfuil meas orthu agus a gcreideann na freagróirí gur cheart iad a choinneáil, agus gurb é 'an t-adhastar' na gnéithe nach bhfuil meas orthu agus a gcreideann na freagróirí gur cheart iad a leasú nó a athrú.*

### C2. Céard iad na príomhdhúshláin a bhaineann leis an tsraith shinsearach le haghaidh bhur bpáistí in bhur scoilse?

*Ó bhur dtaobh féin de, céard iad na gnéithe is dúshlánaí den tsraith shinsearach le haghaidh bhur bpáistí, dar libh?*

**Nótaí don éascaitheoir**

*Tugadh le fios i **dtaighde ESRI** go bhfuil ualach oibre, strus scoláirí, aiféala faoi rogha ábhar nó conairí agus laghdú ar thaithí foghlama, ullmhúchán nach bhfuil sách maith don chéad chéim eile den saol agus don bhreisoideachas agus ardoideachas, i measc cuid de na príomhdhúshláin*

*atá os comhair scoláirí sa tsraith shinsearach. Do mhúinteoirí agus scoileanna, tá dúshláin eile ann ar nós chomh hábhartha is atá curaclaim a chothú, iarmhairt an scrúdaithe thromchúisigh ar an teagasc agus foghlaim sa seomra ranga, agus conairí ábhartha a thairiscint do chohórt ilghnéitheach scoláirí.* **Mar thuismitheoirí, an féidir libh aon dúshláin eile a shainaithint?**

**C3. a) Ag féachaint chun cinn, céard is gá do bhur bpáistí a fháil ón tsraith shinsearach chun go n-éireodh leo i ndomhan atá de shíor ag athrú agus go nglacfaidís páirt ghníomhach ann?**

**Nótaí don éascaitheoir**

*Tarraingítear aird i **dtaighde idirnáisiúnta** i gcúpla tír ar ról na céime seo den oideachas chun cabhrú le foghlaimeoirí a lánchumas a bhaint amach, iad a ullmhú do bhreisoideachas agus d'oideachas ar feadh an tsaoil agus d'fhostaíocht, agus daoine aonair solúbtha atá dírithe ar an todhchaí agus saoránaigh fhreagracha, ghníomhacha a fhorbairt. Sainaithníonn **an Fóram Eacnamaíoch Domhanda** meon agus toilteanas i leith foghlaim ar feadh an tsaoil chomh maith le béim ar chumais chognaíocha ar nós cruthaitheachta, réasúnaíocht loighciúil agus tuiscint nó cáiréis ar fhadhbanna mar ullmhúchán riachtanach d'fhostaíocht amach anseo, agus sainaithníonn **an OECD** inniúlacht dhomhanda[1] mar ghné riachtanach chun daoine óga a ullmhú le haghaidh domhan cuimsitheach agus inbhuanaithe.*

[1] Is ionann inniúlacht dhomhanda agus an cumas ceisteanna áitiúla, domhanda agus idirchultúrtha a scrúdú; dearcadh agus cruinneshamhail daoine eile a thuiscint agus léirthuiscint a bheith agat dóibh; tabhairt faoi idirghníomhaíocht oscailte, oiriúnach agus éifeachtach le daoine ó chultúir dhifriúla; agus gníomhú chun folláine chomhchoiteann agus forbairt inbhuanaithe a bhaint amach.

**b) Cé na hathruithe ar an tsraith shinsearach a theastódh chun go dtarlódh sé sin? Mínigh bhur bhfreagra.**

SENIOR CYCLE

Athbhreithniú ar an tSraith Shinsearach:
**Ceisteanna thimthriall a haon**

Ceisteanna do Sheisiúin Fhócasghrúpa na dTuismitheoirí

**C4. a) Cén chaoi ar cheart don tsraith shinsearach tógáil ar thaithí an scoláire ar an tsraith shóisearach nua?**

*Ó thaobh thaithí bhur bpáistí de, cén chaoi ar féidir leis an tsraith shinsearach tógáil ar na príomhscileanna, an bhéim ar an bhfolláine, cleachtais tuairiscithe éagsúla, neamhspleáchas áitiúil níos mó, an deis d'fhorbairt agus ceapadh cláir a bheadh cruthaitheach agus solúbtha, agus an raon níos leithne comhpháirteanna curaclaim atá ag eascairt as an athbhreithniú ar an tsraith shóisearach?*

**Nótaí don éascaitheoir**

*Dírítear sa **Chreat** don tSraith Shóisearach ar phríomhscileanna ar nós a bheith cruthaitheach, obair le daoine eile agus mé féin a bhainistiú, chomh maith le cineálacha difriúla foghlama a aithint agus meas a léiriú orthu agus raon foghlama níos leithne a thuairisciú.*

**b) An bhfuil aon dúshláin ag baint le tógáil ar thaithí na sraithe sóisearaí nua ó thaobh bhur bpáistí féin de?**

**C5. a) Faoi láthair, cé chomh huileghabhálach is atá an tsraith shinsearach, dar libh, i ndáil le gach cúlra, bua agus cumas?**

*An bhfuil sé deacair ar bhur bpáistí a gcumas a bhaint amach mar gheall ar an gcúlra, bua nó cumais atá acu, dar libh? An bhfaigheann bhur bpáistí luach a saothair ón taithí atá acu ar an tsraith shinsearach?*

**Nótaí don éascaitheoir**

*Léirítear prionsabal ginearálta i **dtaighde idirnáisiúnta** gur cheart go mbeadh gach scoláire in ann a lánchumas a bhaint amach trí sholáthar na meánscolaíochta sinsearaí, beag beann ar riachtanas aonair, próifíl nó cumas. Sa chomhthéacs reatha, cé chomh maith agus a n-éiríonn linn a chur ar chumas gach scoláire a lánchumas a bhaint amach?*

**b) Cén chaoi a gcinnteoimis amach anseo go gcabhraíonn oideachas na sraithe sinsearaí le gach scoláire a lánchumas a bhaint amach?**

*Mar thuismitheoirí, an bhfuil bacainní roimh bhur bpáistí a gcumais a bhaint amach le feiceáil sa tsraith shinsearach, dar libh? Cén chaoi ar féidir na bacainní sin a shárú?*

**Nótaí don éascaitheoir**

*I sochaí ina bhfuil níos mó éagsúlachta gach bliain, cén chaoi ar féidir leis an tsraith shinsearach cabhrú le gach scoláire rath a bhaint amach? Dar leis **an bPríomh-Oifig Staidrimh**, tagann 12% den daonra ó chúlra nach cúlra Éireannach é (ag éirí níos dénáisiúnaí i gcónaí) ó níos mó ná 200 tír, agus tá scileanna teanga acu i gcúpla teanga. Tá thart ar 13% den daonra faoi mhíchumas agus tá thart ar 20% faoi mhíbhuntáiste.*

**C6. a) Cén cur síos a dhéanfadh sibh ar rath sa tsraith shinsearach faoi láthair (an Idirbhliain, an Ardteistiméireacht Fheidhmeach, Gairmchlár na hArdteistiméireachta, agus an Ardteistiméireacht Bhunaithe san áireamh)?**

*Mar thuismitheoirí, cén cur síos a dhéanfadh sibh ar rath?*

**b) Cén cur síos ba cheart dúinn a dhéanamh ar rath sa tsraith shinsearach?**

*An gceapann sibh go dteastaíonn aon athruithe chun gnéithe difriúla ratha a aithint nó a thaifeadadh? Agus tuairisciú ar ghnóthachtáil oideachais ar bun sa tsraith shinsearach, cén fhoghlaim agus cé na heispéiris ba cheart a aithint, a thuairisciú agus teastas a bhronnadh orthu?*

**Nótaí don éascaitheoir**

*Faoi láthair in Éirinn, fanann 92% de scoláirí ar scoil chun an Ardteistiméireacht a chríochnú. Astu siúd, tugann thart ar 5% faoin Ardteistiméireacht Fheidhmeach agus tugann thart ar 25% faoi Ghairmchlár na hArdteistiméireachta. Léirítear **i dtaighde idirnáisiúnta** go bhfuil conairí éagsúla foghlama ag go leor tíortha chun cáilíochtaí agus teastais a bhaint amach a úsáidtear chun críocha difriúla. D'fhéadfadh gur teastas ar an scoil a fhágáil, teastas máithreánach, teastas gairme, tras-scríbhinn ar*

*ghnóthachtálacha nó dioplómaí ardscoile a bheadh i gceist le cáilíochtaí agus teastais. Baineann tíortha eile úsáid as córas níos leithne measúnaithe agus tuairiscithe nach mbaineann le tuairisciú ar ghnóthachtáil acadúil amháin. Is féidir creidmheas a bhaint amach as taighde aonair, obair pobail nó taithí oibre agus tuairisciú a dhéanamh orthu.*

## C7. Céard nach bhfuil pléite againn?

*An bhfuil aon phíosaí tábhachtacha eolais eile ba cheart a mheas sa scrúdú ar chuspóir oideachas na sraithe sinsearaí?*

## Gluais na nGiorrúchán

**ERSI:** An Institiúid Taighde Eacnamaíochta agus Sóisialta
Is eagraíocht náisiúnta í seo atá ag oibriú i dtreo fís a bhaineann le beartas stuama feasach d'Éirinn níos fearr. Cuireann sí anailís d'ardchaighdeán ar fail chun fianaise iontaofa a sholáthar le haghaidh déanamh beartais, agus é d'aidhm aici sárthaighde agus tionchar ar bheartas a bhaint amach.

**OECD:** An Eagraíocht um Chomhar agus Fhorbairt Eacnamaíochta
Is eagraíocht idirnáisiúnta í seo a chuireann beartais chun cinn a fheabhsóidh folláine gheilleagrach agus shóisialta daoine ar fud na cruinne. Dá réir cuireann sí fóram ar fáil inar féidir le rialtais oibriú le chéile chun a dtaithí ar roinnt agus réitigh ar fhadhbanna comónta a aimsiú.

**CSO:** An Phríomh-Oifig Staidrimh
Is í seo oifig náisiúnta staidrimh na hÉireann. Is é a cuspóir gníomhú go neamhchlaonta chun staitisticí faoi mhuintir, sochaí agus geilleagar na hÉireann a bhailiú, a anailísiú agus a chur ar fáil.